# 7 An Ciste um Chuntais Dhíomhaoine

**7.1** Déantar foráil san Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (Acht 2001) agus san Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 do scéim le cistí díomhaoine arna gcoinneáil i mbainc, i gcumainn foirgníochta, i gcuideachtaí árachais saoil agus i scéimeanna coigiltis Stáit a aistriú chuig Ciste um Chuntais Dhíomhaoine atá rialaithe ag an Stát (an Ciste).[1] D'ainneoin go bhféadtar a dhearbhú go bhfuil cuntas díomhaoin agus rialú na gcistí a aistriú chuig an Stát, tá sé de cheart ag sealbhóir an chuntais, nó ag tairbhithe a eastáit, an t-airgead a aiséileamh tráth ar bith.[2]

**7.2** Déantar foráil in Acht 2001 freisin d'eisíocaíocht cistí cuntas díomhaoin. Is ceadmhach airgead a eisíoc chun críocha clár nó tionscadal a bhfuil sé mar aidhm acu tacú le

- forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta
- forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, nó
- daoine atá faoi mhíchumas (de réir an Achta um Stádas Comhionann, 2000).

**7.3** Íoctar an t-airgead ó na cuntais dhíomhaoine leis an gCiste, a mbainistíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) é. Déanann an Ghníomhaireacht na cistí a infheistiú i rith na tréimhse roimh a n-eisíoc le ranna[3], agus aisíocann aon chistí díomhaoine a aiséilíonn institiúidí airgeadais thar ceann a gcliant.

**7.4** Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo

- achoimre a dhéanamh ar an gCiste óna bhunú go dtí 2016
- breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe atá ann i ndáil le hairgead a eisíoc ón gCiste, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na n-eisíocaíochtaí le cúig bliana anuas (2012 go 2016).

## An Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, 2003 go 2016

**7.5** Tá achoimre déanta ar idirbhearta uile an Chiste go dtí deireadh 2016 i bhFíor 7.1.

**Fíor 7.1 Achoimre ar an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine, 2003 go 2016[a]**

| | €m |
|---|---|
| Méid a aistríodh isteach sa Chiste | 842 |
| Ús tuillte | 44 |
| | **886** |
| Lúide aisíocaíochtaí le sealbhóirí cuntais[b] | (337) |
| **Glanaistrithe[c]** | **549** |
| Eisíocaíochtaí le ranna forfheidhmithe | (275) |
| Costais oibriúcháin[d] | (15) |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2016** | **259** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, 2003 go 2016

Nótaí:
a Tá slánú déanta ar na figiúirí.
b Tá ús fabhraithe €4m san áireamh.
c Ba é €509 milliún na glanaistrithe gan ús tuillte agus íoctha a áireamh.
d Tá san áireamh i gcostais oibriúcháin €12.7 milliún a íocadh le Pobal (2005-2016), agus €0.9 milliún a íocadh le Area Development Management Ltd (an grúpa a bhí ann roimh Pobal) in 2004. I measc na gcostas eile atá ann tá costais an Bhoird Eisíocaíochta Cuntas Díomhaoin.


1 Meastar go bhfuil cuntas díomhaoin 15 bliana tar éis an idirbhirt dheireanaigh chustaiméir-thionscanta, nó cúig bliana i gcás polasaí árachais saoil.

2 Oibríonn Achtanna 2001 agus 2003 le chéile leis na hAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus 2012 le creat a chur faoi riar chistí na gcuntas díomhaoine.

3 Déanann GBCN na cistí a infheistiú de réir na pleananna infheistíochta bliantúla a chuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais agus ag féachaint do na meastacháin eisíocaíochta agus d'aon treoracha ón Aire.

**7.6** Aistríodh airgead chuig an gCiste den chéad uair in 2003, agus rinneadh na chéad eisíocaíochtaí in 2004. Tá léirithe i bhFíor 7.2 na glanaistrithe isteach sa Chiste agus na méideanna a eisíocadh gach bliain, chomh maith le glansócmhainní an Chiste ag deireadh gach bliana.

**Fíor 7.2 An Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, glanaistrithe, eisíocaíochtaí agus glansócmhainní, 2003 go 2016**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, 2003 go 2016. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is éard is glanaistrithe ann ná na méideanna a aistrítear isteach sa Chiste gach bliain lúide na méideanna a athéilítear sa bhliain chéanna.

**7.7** Seachas sa bhliain 2003, tráth arbh é €172 milliún an glanaistriú, aistrítear beagnach €26 milliún ar an meán chuig an gCiste gach bliain. Tá €28.6 milliún ar an meán aistrithe gach bliain le cúig bliana anuas (2012 go 2016).

**7.8** Athraíonn an méid a eisíoctar go mór gach bliain, rud a imríonn tionchar ar na glansócmhainní a bhíonn i seilbh an Chiste

- don chéad dá bhliain d'eisíocaíochtaí (2004 agus 2005), eisíocadh €28 milliún san iomlán agus ba é €204 milliún glansócmhainní an Chiste ag deireadh 2005
- idir 2006 agus 2011, eisíocadh €218 milliún san iomlán, nó €77 milliún ní ba mhó ná na glanaistrithe isteach chuig an gCiste le himeacht na tréimhse céanna
- tháinig laghdú suntasach ar leibhéal na n-eisíocaíochtaí idir 2012 agus 2016 – ní dhearnadh ach €29 milliún d'eisíocaíochtaí, €114 milliún ní ba lú ná na glanaistrithe de luach €143 milliún.

**7.9** Níl baint ná páirt ag GBCN i socrú na n-eisíocaíochtaí. Faigheann GBCN meastacháin bhliantúla ar na heisíocaíochtaí[1] tráth a n-ullmhaíonn na pleananna infheistíochta bliantúla don Chiste. Cuireann GBCN iad sin san áireamh nuair a dhéanann cinntí infheistíochta agus nuair a shocraíonn leachtacht an Chiste. Tá curtha in iúl ag GBCN go raibh na heisíocaíochtaí ní ba lú ná na meastacháin a cuireadh ar fáil le tamall anuas, rud a chuireann isteach ar na torthaí infheistíochta ar an iomlán.

1 Is í an roinn atá freagrach as feidhmeanna reachtúla an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine a thugann meastacháin do GBCN. Tá na feidhmeanna reachtúla aistrithe idir ranna cúpla uair ó cuireadh an Ciste ar bun ar an gcéad dul síos.

## Eisíoc cistí

**7.10** Tá an fhreagracht as eisíocaíochtaí aistrithe ó dhuine go duine le himeacht na mblianta

- Is é an Bord Eisíocaíochta Cuntas Díomhaoin a bhí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heisíocaíochtaí ó bunaíodh an Ciste go dtí mí Mheán Fómhair 2005.
- Ó mhí Mheán Fómhair 2005 ar aghaidh, is ar an Rialtas a bhí an fhreagracht as na heisíocaíochtaí. Ba é ról an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine, a bunaíodh in 2006, ná comhairle a thabhairt ar réimsí tosaíochta ó thaobh maoiniú de agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an chistithe sin.
- In 2012, lánscoireadh den Bhord um Chuntais Dhíomhaoine agus aistríodh a fheidhmeanna reachtúla chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- In 2016, aistríodh na feidhmeanna reachtúla chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.[1]
- Aistríodh an fhreagracht reachtúil as an gCiste chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Iúil 2017.

### *Scéim eisíocaíochta a dhéanamh*

**7.11** De réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012 (Acht 2012), is é an tAire atá freagrach as riar an phróisis trína bhfaomhann an Rialtas na tionscadail agus na cláir a bhféadtar airgead ón gCiste a eisíoc leo.

**7.12** Éilítear le hAcht 2012 ar an Aire scéim eisíocaíochta a dhéanamh go ceann tréimhse nach mó ná trí bliana. Nuair a dhéanann an tAire scéim, éilítear air nó uirthi dul i ndáil chomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an Aire Sláinte, leis an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, agus le haon duine eile a mheasfaidh an tAire is cuí. Caithfear scéimeanna a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**7.13** Cheadaigh an Rialtas i mí na Nollag 2013 Scéim Eisíocaíochta (Scéim 2013) don tréimhse ó mhí na Nollag 2013 go mí na Samhna 2016.[2] Leagadh amach sa scéim sin treoirphrionsabail maidir le heisíocaíochtaí agus réimsí tosaíochta faoi na ceannteidil *Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta*, *Míbhuntáiste Oideachasúil*, agus *Daoine faoi Mhíchumas*. Leagadh amach sa scéim freisin prionsabail forfheidhmithe le haghaidh iarratas ar chistiú, agus na critéir mheasúnaithe i gcomhair a leithéid d'iarratais.

**7.14** Foráiltear in Acht 2012 go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar an scéim tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis di teacht in éifeacht den chéad uair agus uair ar a laghad gach trí bliana ina dhiaidh sin. Cé go ndeachaigh Scéim 2013-2016 in éag ag deireadh mhí na Samhna 2016, níl aon athbhreithniú déanta ar an Scéim go fóill.

### *Pleananna Gníomhaíochta*

**7.15** Déantar foráil in Acht 2012 chomh maith go n-ullmhóidh an tAire plean gníomhaíochta, uair sa bhliain ar a laghad, le héifeacht a thabhairt do scéim eisíocaíochta. Bíonn sa phlean gníomhaíochta sonraí faoi na cláir agus faoi na tionscadail atá le cistiú faoin scéim eisíocaíochta agus leagtar amach ann an t-uasmhéid is féidir a eisíoc i dtaca le gach clár nó tionscadal le linn na tréimhse a mbaineann an plean gníomhaíochta léi.

1 Sa tuarascáil seo, tagraíonn an téarma 'an tAire' don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suas go dtí Meitheamh 2016. Ina dhiaidh sin tagraíonn sé don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

2 Ar an 26 Aibreán 2017, cheadaigh an Rialtas Scéim Eisíocaíochta don tréimhse 2017 go 2019.

**7.16** Ghlac an Rialtas le dhá phlean gníomhaíochta i leith Scéim 2013[1]

- Tugadh breac-chuntas i bplean gníomhaíochta, ar glacadh leis an 1 Iúil 2014, ar thograí le €26 milliún a chaitheamh (plean gníomhaíochta 2014)[2]
- Tugadh breac-chuntas i bplean gníomhaíochta, ar glacadh leis an 12 Aibreán 2016, ar thograí le €28.5 milliún a chaitheamh (plean gníomhaíochta 2016).[2]

**7.17** Bhí cláir agus tionscadail ó naoi ranna Rialtais agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (a dtugtar ranna forfheidhmithe orthu) sa dá phlean gníomhaíochta. Níor ullmhaíodh aon phlean gníomhaíochta don bhliain 2015. Féach Iarscríbhinn 7A le sonraí a fháil faoin dá phlean gníomhaíochta.

**7.18** D'fhoilsigh an tAire cáipéis ar an 30 Meitheamh 2015 dar theideal '*Disbursement of moneys from the Investment and Disbursements Accounts Annual Report 2014'.* Tugadh achoimre sa tuarascáil sin ar na bearta agus ar na tograí caiteachais a bhí i bplean gníomhaíochta 2014, chomh maith le sonraí faoin €2 mhilliún a caitheadh ar bhearta cuntais dhíomhaoin i gcaitheamh 2014. Níl aon tuarascáil eile foilsithe go dtí seo.

### *Iarratais eisíocaíochta*

**7.19** Cuireann na ranna forfheidhmithe fáilte roimh iarratais ar chistiú. Sonraítear in Acht 2012 gur chóir fógraí, ina leagtar amach na critéir mheasúnaithe, a fhoilsiú le fáilte a chur roimh a leithéid d'iarratais.

**7.20** Tar éis na hiarratais a mheas, cuireann na ranna forfheidhmithe atá i gceist liosta de na hiarratasóirí ceadaithe, mar aon leis na suimeanna eisíocaíochta molta, faoi bhráid an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena bhfaomhadh.

**7.21** Éilítear ar an Aire, a luaithe is féidir tar éis na hiarratais a fhaomhadh, ráiteas a chur os comhair an dá theach den Oireachtas, ina bhfuil liosta de na hiarratasóirí ceadaithe, an clár nó an tionscadal a mbaineann gach iarratas leis agus na suimeanna a eisíocfar le gach iarratasóir.

**7.22** Cuireadh roinnt liostaí maidir leis an gcaiteachas molta os comhair na dtithe le himeacht na mblianta. I gcás phlean gníomhaíochta 2014, cuireadh luach €12.7 d'iarratais cheadaithe os comhair na dtithe as an leithdháileadh iomlán €26.3 milliún faoin bplean gníomhaíochta. Is ionann é sin agus ráta fógartha 48%. I gcás phlean gníomhaíochta 2016, cuireadh luach €8.1 d'iarratais cheadaithe os comhair na dtithe as an leithdháileadh iomlán €28.5 milliún faoin bplean gníomhaíochta. Is ionann é sin agus ráta fógartha 28%. Féach Iarscríbhinn 7A chun tuilleadh sonraí a fháil.

### *Costais riaracháin*

**7.23** Bainistíonn Pobal roinnt beart a bhaineann leis an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine thar ceann ranna Rialtais. Tá curtha in iúl ag Pobal go raibh sé i bhfeighil 29 beart a bhain leis an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine le himeacht na tréimhse 2012-2016 agus gur íoc amach €10.2 milliún san iomlán. Tá roinnt beart faoi bhainistiú díreach ranna Rialtais ar leith.

**7.24** Déantar foráil in Acht 2012 go seasann an Ciste na costais a thabhaíonn soláthraithe seirbhíse (amhail Pobal) i leith an próiseas iarratais a riar, cé go gcaithfidh na ranna forfheidhmithe an buiséad atá acu cheana féin a úsáid leis na gnáthchostais riaracháin a chlúdach. Ní ghearrann GBCN táillí riaracháin as feidhmiú an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine.

1 Éilítear le hAcht 2012 go gcuirfear pleananna gníomhaíochta faoi bhráid gach teach den Oireachtas.

2 Níor sonraíodh i bplean gníomhaíocht 2014 ná i bplean gníomhaíochta 2016 an tréimhse ar bhain an plean léi.


**7.25** Íocadh €12.7 milliún de tháillí ón gCiste le Pobal idir 2005 agus 2016.[1] Fuair Pobal táillí €2.55 milliún san iomlán ón gCiste idir 2012 agus 2015 (€635,000 ar an meán sa bhliain). Thit an táille go dtí €200,000 in 2016.

## Eisíocaíochtaí ón gCiste, 2012 go 2016

**7.26** Is féidir na cistí a leithdháiltear do bhearta ón gCiste um Chuntais Dhíomhaoine a íoc in aon bhliain amháin nó le himeacht tréimhse níos faide. Cuirtear an caiteachas pleanáilte do bhliain áirithe, agus na fáltais chomhfhreagracha ón gCiste, a bhreactar síos sna taifid mar leithreasaí i gcabhair, ar fáil i gcomhair mheastacháin bhliantúla na Roinne ábhartha. Fuarthas amach mar chuid den scrúdú gur thabhaigh na ranna forfheidhmithe caiteachas €28.7 milliún faoin gclár um chuntais dhíomhaoine idir 2012 agus 2016. Léirigh sé sin tearc-chaitheamh 56% ar an iomlán i gcomparáid leis na meastacháin ábhartha (€65.8 milliún).[2]

**7.27** Bhain 88% den chaiteachas le himeacht na tréimhse 2012 go 2016 le cúig roinn forfheidhmithe. Is iad ceithre roinn eile agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bhí taobh thiar d'fhuílleach an chaiteachais. Bhí an leibhéal tearc-chaithimh i dtaobh na ranna forfheidhmithe go léir idir 5% agus 94% (féach Fíor 7.3).

**Fíor 7.3 Meastacháin agus táirgeacht charnach na Ranna forfheidhmithe, 2012 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B.

1 Íocann ranna táillí le Pobal agus aisíoctar ón gCiste iad.


2 Gan na táillí a íoctar le Pobal a áireamh.

### *Cláir phobail*

**7.28** Tar éis freagrachtaí rannacha a ath-leithdháileadh in 2016, aistríodh na feidhmeanna reachtúla a bhain leis an mBord um Chuntais Dhíomhaoine ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ag an am céanna, aistríodh an fhreagracht as tionscadail phobail áirithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig dhá roinn eile.[1]

**7.29** Idir 2012 agus 2016, chaith na ranna 29% (€8.1 milliún) d'iomlán an chaiteachais mheasta ó chistí um chuntais dhíomhaoine (€28.2 milliún). In 2016, caitheadh beagán ní ba mhó ná €1 mhilliún den chaiteachas measta €8.6 milliún (féach Fíor 7.4).

**Fíor 7.4 Cláir Phobail an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine[a]**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B.

Nóta: a Tar éis freagrachtaí a athailíniú, aistríodh cuid de mheastachán bunaidh 2016 i gcomhair na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (€4.5 milliún). Aistríodh an fuílleach (€4.1 milliún) chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

**7.30** Is iad seo a leanas na cláir ba mhó a raibh caiteachas pleanáilte ina leith ach nár tharla le himeacht na tréimhse 2014 agus 2016

- Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann — caitheadh €800,000 cé go raibh cistí €5 mhilliún curtha i leataobh[2]
- an Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta — caitheadh thart ar €1 mhilliún as leithdháileadh €2.75 milliún (bhain an tearc-chaitheamh go léir leis an mbliain 2016)
- an Tionscnamh Fostaíochta do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste— caitheadh thart ar €450,000 as leithdháileadh €1.75 milliún (bhain formhór mór an tearc-chaithimh leis an mbliain 2016).

1 Aistríodh an fhreagracht as an Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Aistríodh an fhreagracht as trí thionscadal mhóra eile (an Tionscadal Tairsí, Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann agus an Tionscnamh Ógfhostaíochta) chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Féach Iarscríbhinn 7A agus Iarscríbhinn 7B chun tuilleadh sonraí a fháil.

2 Cuireadh Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann ar bun in 2013 mar chomhpháirtíocht idir an earnáil phríobháideach agus an Rialtas le caipiteal fáis a chur ar fáil, ar bhonn cistiú meaitseála 50:50, do réitigh nuálacha a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic leis na fadhbanna sóisialta a bhíonn le sárú i bpobail leochaileacha.

**7.31** Maidir leis an leibhéal caiteachais do na cláir sin, thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil[1] faoi deara

- Ní mór do Chiste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann cistiú meaitseála a fháil ó fhoinsí daonchairdiúla príobháideacha ar an gcéad dul síos sula dtabharfar an cistiú ón gCiste um Chuntais Dhíomhaoine dó. Go dtí lár 2016, d'fhéadfaí a rá nach raibh ach aon bhall foirne amháin ag Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann i ndáiríre. Tá tuilleadh baill foirne ceaptha ó shin i leith agus tá cúig chlár nuálacha á reáchtáil ag Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann faoi láthair. Is gearr go mbeidh na socruithe i gcomhair dhá chlár eile á dtabhairt chun críche chomh maith.
- Tá an Tionscnamh Fostaíochta do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste, atá beartaithe, fós le rolladh amach de bharr gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an togra bunaidh i gcomhthéacs an Chláir Nua um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail. Táthar ag súil go gcuirfear an t-athbhreithniú i gcrích go gairid.


**7.32** Thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta[1] faoi deara, i gcás na bliana 2016, gur tharla an tearc-chaiteachas ar an Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta de bharr go raibh an caiteachas ní ba lú ná a bhí súil leis i leith caiteachas riaracháin, tionscadail chaipitil áirithe, agus roinnt moilleanna a d'eascair as aistriú feidhmeanna a bhain leis an mbeart. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl gur chuir Pobal, thar ceann na Roinne, fáilte roimh iarratais faoin mbeart i mí Feabhra 2017. Ceadaíodh €1.68 milliún de chistiú le haghaidh tionscadal faoin mbeart i mí Iúil 2017.

1 I mí Iúil 2017 aistríodh an fhreagracht as forbairt phobail chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ar roinn nua í. Mar thoradh air sin, rinneadh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil den Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Lena chois sin, rinneadh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

*An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige*

**7.33** Léirigh na meastacháin i gcomhair na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige don tréimhse 2012 go 2016 gurbh é an caiteachas pleanáilte ar bhearta Cuntais Dhíomhaoin ná €9.5 milliún san iomlán. Ba é €4.7 milliún an caiteachas iarbhír – beagáinín ní ba lú ná leath den mhéid a bhí beartaithe. Tharla an tearc-chaitheamh ar fad ó thaobh meastacháin de in 2015 agus in 2016, tráth nár chaith an Roinn ach aon trian dá caiteachas pleanáilte €7.1 milliún (féach Fíor 7.5).

**Fíor 7.5 Meastacháin agus táirgeacht na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2012 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B.

**7.34** Chaith an Roinn beagnach an cistiú ar fad a bhí curtha i leataobh do dhá cheann de na sé thionscadal a luadh i bpleananna gníomhaíochta 2014 agus 2016 — an Clár ‘Deartháir Mór Deirfiúr Mór’ (€1.5 milliún), a dhíríonn ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste a dteastaíonn tacaíochtaí duine le duine uathu, agus an Tionscnamh Fostaíochta do Dhaoine Óga (€0.8 milliún).

**7.35** Bhain an tearc-chaitheamh ba mhó leis an gClár Óige Ceantairbhunaithe (ABC), ar tionscnamh coisc agus luath-idirghabhála é a dhíríonn ar infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí éifeachtacha d’fhonn torthaí a fheabhsú do leanaí agus do theaghlaigh a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé beartaithe €34 milliún a chaitheamh ar an gClár ABC idir 2013 agus 2017, agus go mbeadh sé cistithe ag an Roinn agus ag Atlantic Philanthropies.[1] Bhí san áireamh i meastacháin na Roinne caiteachas pleanáilte €1 mhilliún le haghaidh an chláir in 2015 (iarbhír: nialas) agus €3 mhilliún in 2016 (iarbhír: €40,000).


**7.36** Chuir an Roinn in iúl gur tugadh faoi Thionscnamh Tógála Cáilíochta agus Acmhainne (QBCI) dá éis sin in ionad an Clár ABC a leathnú amach tuilleadh. Dúirt an Roinn chomh maith go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an gcur chuige athbhreithnithe sin d’fhonn dúbláil gan ghá ar obair a íoslaghdú agus breisíocht a chur ar fáil, mar aon le rialachas láidir, luach ar airgead, toradh soiléir ar infheistíochtaí roimhe agus dea-thionchar a chinntiú. Bíodh sin mar atá, níor críochnaíodh clár QBCI taobh istigh den sprioc ama bunaidh de bharr go raibh gá le cur chuige ní ba straitéisí, ní ba sheicheamhaí agus ní ba dhifreáilte agus le próiseas suntasach comhairliúcháin i measc soláthraithe seirbhíse agus déantóirí beartais. Is í an mhoill sin a bhí ar thabhairt an chuir chuige chun críche agus ar a fhaomhadh an phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh in 2015 agus 2016.

1 Is fondúireacht phríobháideach é Atlantic Philanthropies.

### *An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

**7.37** Idir 2012 agus 2016, chaith an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais beagán ní ba lú ná leath (€3.8 milliún) den bhuiséad a cuireadh i leataobh faoina Vóta i gcomhair bearta cuntais dhíomhaoin. Tharla an chuid ba mhó den tearc-chaitheamh idir 2012 agus 2015, tráth nár chaith sí ach 17% (€0.8 milliún) den chaiteachas pleanáilte €4.6 milliún. In 2016, chaith an Roinn beagnach 90% dá meastachán €3.3 milliún (féach Fíor 7.6).

**Fíor 7.6 Meastacháin agus táirgeacht na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2012 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B

**7.38** Tharla an tearc-chaitheamh ba mhó in 2015 agus bhain le leithdháileadh €3.2 milliún do Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig a bhí i bplean gníomhaíochta 2014. Bhí cúig bheart ar leith i gceist leis sin. Seo a leanas an dá cheann ba shuntasaí


- Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDP) — tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga a dtarraingíonn aird an Gharda Síochána orthu féin
- clár meantóireachta a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíochtaí duine le duine a chur ar fáil agus daoine fásta fóirsteanacha a phéireáil le daoine óga nach bhfuil duine fásta stuama, tacúil acu sa bhaile.

**7.39** Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go raibh an mhoill a bhí ar leathnú an chláir taobh thiar den chaiteachas beagán ní ba lú ná €500,000 i dtaca le cúig bheart an chláir in 2015. Luaigh sé go raibh na fadhbanna le leathnú an chláir tugtha chun réitigh faoi 2016, tráth ar cuireadh deich GYDP nua ar bun agus ar earcaíodh oibrithe ceartais óige nua. Caitheadh breis is €2.5 milliún ar na cláir sin in 2016.

### *An Roinn Sláinte*

**7.40** Fuair an Roinn Sláinte a céad leithdháileadh ón gCiste um Chuntais Dhíomhaoine i bplean gníomhaíochta 2014. In 2015, chaith an Roinn 78% den bhuiséad €2.45 milliún a cuireadh i leataobh faoina Vóta i gcomhair bearta cuntais dhíomhaoin. Caitheadh an méid ba mhó airgid (nach mór €820,000) ar bheart a bhí ceaptha le dul i ngleic le mí-úsáid substaintí. In 2016, chaith an Roinn €1.3 milliún ar bhearta cuntais dhíomhaoin, beagáinín ní ba lú ná leath den mheastachán €2.7 milliún (féach Fíor 7.7).

**Fíor 7.7 Meastacháin agus táirgeacht na Roinne Sláinte, 2012 go 2016**





Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B.

**7.41** Bhain an tearc-chaitheamh ba shuntasaí in 2016 le beart chun seirbhísí soghluaiste scagthástála sláinte a chur ar fáil i bpobail imeallaithe. Níor caitheadh ach thart ar €200,000 den €1.5 milliún a cuireadh i leataobh i bplean gníomhaíochta 2016. Chuir an Roinn in iúl gur iarr ar FSS tograí a chur le chéile d'fhonn aonad soghluaiste a fháil agus an tionscnamh a fheidhmiú, agus go bhfuil comhaontú seirbhíse déanta ag FSS le heagraíocht dheonach anois leis an mbeart a chur i bhfeidhm. Luaigh an Roinn, cé gur thóg sé ní b'fhaide tús a chur leis an gclár seo ná mar a bhí súil leis, gur tosaíodh clár iomlán scagthástála sláinte agus seachadta cúraim phríomhúil i mí an Mhárta 2017, nuair a chonacthas 200 dídeanaí in Ionad Fáiltithe agus Ionduchtaithe Éigeandála Bhealach an Doirín.

*An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt*

**7.42** Fuair an Roinn a céad leithdháileadh ón gCiste um Chuntais Dhíomhaoine i bplean gníomhaíochta 2014. Ba é €6.8 milliún an caiteachas pleanáilte iomlán do 2015 agus 2016 agus chaith an Roinn €6.4 milliún, nó 95%, den tsuim sin.

**Fíor 7.8 Meastacháin agus táirgeacht na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2012 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá tuilleadh sonraí le fáil in Iarscríbhinn 7B.

**7.43** Leithdháileadh €6.8 milliún i bpleananna gníomhaíochta 2014 agus 2016 do mhoil spóirt pobail agus gníomhaíochta coirp agus do mhoil náisiúnta oideachais agus oiliúna spóirt. Is iad aidhmeanna sonraithe an chláir

- eolas, tacaíocht agus comhairle ar spóirt agus ar ghníomhaíochtaí coirp a chur ar fáil do dhaoine i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste d'fhonn na leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú agus pobail a spreagadh chun stíl mhaireachtála níos gníomhaí, níos sláintiúla a bheith acu
- oiliúint agus forbairt acmhainne a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist san earnáil spóirt, mar aon le hoiliúint ceannaireachta óige d'fhonn dul i ngleic le fadhb na luathfhágála scoile i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste.

**7.44** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil socrú ag an Roinn le Spórt Éireann faoina ndéanann Spórt Éireann plé le hiarratais ar chistiú ó na cuntais dhíomhaoine. Tá Spórt Éireann tar éis líonra 29 comhpháirtíocht spóirt áitiúil agus breis is 60 ceanneagraíocht rialaithe spóirt náisiúnta a chur ar bun, ar féidir leo cur isteach ar an gcistiú. Ní féidir le clubanna spóirt iarratas a dhéanamh ar an gcistiú go díreach.

### *Vótaí eile a eisíocadh cistí*

**7.45** D'eisíoc trí Vóta eile — dhá roinn agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann — cistí le himeacht na tréimhse 2012-2016. Bhí tearc-chaitheamh suntasach i gceist le gach ceann acu.

**7.46** Bhí san áireamh sa mheastachán bliantúil le haghaidh na Roinne Oideachais agus Scileanna caiteachas pleanáilte carnach €3.9 milliún sa tréimhse 2012-2016. Níor chaith an Roinn ach thart ar cheathrú den fhigiúr sin. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go socraítear an leithdháileadh bliantúil i gcomhair cuntais dhíomhaoine ag féachaint do dhá phríomhfhachtóir — ceangaltais i leith tionscadail atá ceadaithe cheana agus is dócha a eascróidh sa bhliain atá i gceist, agus an cistiú is dócha a bheidh ag teastáil le haghaidh tionscadail nua atá le ceadú ag an Rialtas le linn na bliana. Chuir sé in iúl gur tharla an chuid ba mhó den tearc-chaitheamh ar na cúiseanna seo a leanas

- Éileamh ní b'ísle ná a bhí súil leis ar thionscadail in 2012, rud ba chúis le caiteachas €400,000 cé gurbh é €1.1 milliún an meastachán.
- Ní raibh scéim eisíocaíochta i bhfeidhm in am don chaiteachas €1 mhilliún a rabhthas ag súil leis in 2012 agus 2013.
- Ceadaíodh plean gníomhaíochta 2014 i mí Iúil 2014 ach, de bharr go raibh am ag teastáil leis an bpróiseas a fhógairt agus leis na hiarratais féin a phróiseáil, níor tháinig scéim nua, a bhain le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chuimsiú i suíomhanna luathbhlianta, i bhfeidhm in 2014 in ainneoin go raibh buiséad €600,000 curtha i leataobh di. Bhí moilleanna eile ar an tionscadal, a d'fhág nár caitheadh €500,000 a bhí beartaithe in 2015 ach an oiread.

**7.47** Níor chaith Seirbhís Phríosúin na hÉireann ach €0.5 milliún ar bhearta cé go raibh €2.1 milliún curtha i leataobh dóibh i bpleananna gníomhaíochta 2014 agus 2016. Caitheadh an chuid ba mhó den airgead sin ar chlár pobalbhunaithe sláinte agus garchabhrach. Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais gur cuireadh na meastacháin i dtoll a chéile i roinnt blianta nuair a bhí an plean um chuntais dhíomhaoine fós á thabhairt chun críche. Chuir sé in iúl go raibh an caiteachas a bhí beartaithe ar thacaíochtaí do phríosúnaigh/iar-phríosúnaigh, arna n-éascú ag Focus Éireann, bunaithe ar leibhéal gníomhaíochta measta do 2014 agus 2015 nár tharla ar deireadh.[1] Laghdaíodh an meastachán do 2016 leis na leibhéil ghníomhaíochta ní b'ísle a chur san áireamh.

**7.48** Chaith an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí €1.1 milliún, in 2015 den chuid ba mhó, ar chlár oiliúna do chúramóirí baile. Ba é €2.3 milliún san iomlán a leithdháileadh cistithe don tréimhse, rud a fhágann gurbh é 51% an tearc-chaitheamh (féach Iarscríbhinn 7B, Fíor 7B.1).

1 Oibríonn Focus Éireann le daoine gan dídean nó atá i mbaol teacht chun bheith gan dídean.

## Conclúidí agus moltaí

7.49 Ó cuireadh an Ciste um Chuntais Dhíomhaoine ar bun in 2003, tá €509 milliún glan aistrithe chuig an gCiste. Tá €26 milliún glan ar an meán aistrithe chuig an gCiste gach bliain ó bhí 2004 ann, tar éis aisíocaíochtaí le sealbhóirí cuntais a chur as an áireamh.

### *Comhlíonadh reachtaíochta*

7.50 Tar éis reachtaíocht a leasú in 2012, rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil scéim eisíocaíochta in 2013. Bhain an scéim sin leis an tréimhse ó mhí na Nollag 2013 go mí na Samhna 2016 agus leagadh amach prionsabail chistithe inti. Bhí athbhreithniú le déanamh ar an scéim tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis a faofa (.i. faoi mhí na Nollag 2016), ach níl an t-athbhreithniú sin déanta go fóill. Cheadaigh an Rialtas i mí Aibreáin 2017 scéim don tréimhse 2017 go 2019.

7.51 Éilítear le hAcht 2012 go n-ullmhaítear pleananna gníomhaíochta go bliantúil le héifeacht a thabhairt do scéim eisíocaíochta, agus go gcuirtear na pleananna sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Maidir leis na trí bliana a bhí clúdaithe ag scéim eisíocaíochta 2013, níor ullmhaíodh aon phlean gníomhaíochta don bhliain 2015.

7.52 Léirítear i gcuntais an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine, arna n-ullmhú ag GBCN, na heisíocaíochtaí de réir roinne. Bíodh sin mar atá, tá réimse leathan Vótaí i gceist leis na bearta cistithe ar fad. Is deacair dá bharr sin, agus de bharr nár comhlíonadh na riachtanais maidir le pleananna gníomhaíochta, forléargas ar fháil ar na bearta eisíocaíochta agus comparáid cheart a dhéanamh idir an táirgeacht agus na leithdháiltí a ceadaíodh.

### *Eisíocaíochtaí ón gCiste*

7.53 Cuirtear méid suntasach cistithe ar fáil tríd an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine le tacaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tá na heisíocaíochtaí faoi bhearta cuntais dhíomhaoin íseal go leor le roinnt blianta anuas, áfach — i bhfad níos ísle ná an cistiú a chuirtear i leataobh do na bearta ná na meastacháin a dhéantar go bliantúil.

7.54 Is cosúil gur easpa ullmhachta ba chúis leis an tearc-chaitheamh den chuid ba mhó — i measc na cúiseanna a luaigh ranna bhí moilleanna ar fhorfheidhmiú tionscadal, moilleanna ar ullmhú scéimeanna eisíocaíochta agus moilleanna ar chur pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm. Ní raibh ach glacadh íseal le roinnt de na scéimeanna chomh maith.

#### Moladh 7.1

Ba chóir an t-athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar scéim eisíocaíochta 2013 anois lena aithint cé chomh maith agus a cuireadh an scéim i bhfeidhm agus cén chaoi ar féidir scéimeanna a cheapadh amach anseo le comhlíonadh chuspóirí na scéime a chinntiú. Ba chóir a mheas san athbhreithniú sin: cén fáth nach ndearnadh an oiread sin eisíocaíochtaí; an gcuirtear bac ar chistiú clár eile nuair a chuirtear cistí i leataobh do bhearta nach n-úsáideann na hacmhainní ar fad sa deireadh; cén chaoi ar féidir an cistiú a úsáid ar an mbealach is fearr.

**Freagairt Oifigeach Cuntasachta na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail**

Aontaithe. Tá sé ar intinn ag mo Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar gach uile ghné de riar Scéim Eisíocaíochta an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine mar chuid den chlár oibre atá ar na bacáin. Cuirfear na saincheisteanna atá luaite sa mholadh, i measc nithe eile, faoi chaibidil mar chuid den athbhreithniú.

**7.55** Coinníonn GBCN leachtacht dhóthanach sa Chiste leis na heisíocaíochtaí measta a sheasamh, agus cuirtear an méid sin san áireamh nuair a dhéantar cinntí infheistíochta. Cuireadh isteach ar thorthaí infheistíochta an Chiste de bharr go raibh na heisíocaíochtaí chomh híseal sin i gcomparáid leis na meastacháin.

## Iarscríbhinn 7A

**Fíor 7A.1 An Plean gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 agus tionscadail a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais, ag deireadh 2016**

| Roinn / Tionscadal | Plean Gníomhaí ochta | Luach na n-iarratas ceadaithe a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais | Méideanna Eisíoctha | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014-15 | 2016[c] |
| | € | € | € | € |
| **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [a]** | | | | |
| An Tionscnamh Fostaíochta do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste[b] | 500,000 | 526,304 | 400,000 | 45,500 |
| Struchtúir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) ar fud na hearnála Rialtais Áitiúil | 400,000 | gcfb | 372,000 | — |
| Feachtas meán maidir le comhpháirtíocht phobail | 150,000 | gcfb | 150,000 | — |
| **Iomlán** | **1,050,000** | **526,304** | **922,000** | **45,500** |
| **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta [a]** | | | | |
| An Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta[b,d] | **1,000,000** | **1,004,410** | **750,000** | **232,252** |
| **An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil [a]** | | | | |
| Ranníocaíocht 50% do Chiste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann[d] | **5,000,000** | gcfb | **250,000** | **560,774** |
| **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** | | | | |
| Clár 'deartháir mór deirfiúr mór' | 775,000 | 775,000 | 746,000 | — |
| Tionscnamh Infhostaitheachta Óige | 600,000 | 600,000 | — | 566,709 |
| Clár Óige Ceantairbhunaithe (ABC) | 7,000,000 | 170,000 | — | 41,510 |
| Aip fóin do dhaoine óga faoi chúram | 100,000 | 100,000 | 4,274 | 1,760 |
| Pacáistí eolais iarchúraim | 30,000 | 30,000 | 8,530 | — |
| **Iomlán** | **8,505,000** | **1,675,000** | **758,804** | **609,979** |
| **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** | | | | |
| Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána | 1,700,000 | 2,245,000 | 330,451 | — |
| Clár meantóireachta a bhunú | 1,000,000 | 798,830 | — | — |
| Oiliúint idirghabhála d'oibrithe ceartais óige | 60,000 | gcfb | 16,731 | — |
| Oiliúint seirbhísí tacaíochta éigeandála | 50,000 | gcfb | 1,430 | — |
| Seirbhísí a leathnú amach i gCathair Luimnigh agus sa mheániarthar | 400,000 | gcfb | 135,000 | — |
| Bearta chun aghaidh a thabhairt ar íospartaigh gháinneála faoi mhíbhuntáiste | 120,000 | 99,225 | 99,225 | — |
| Seirbhísí líne cabhraí d'íospartaigh na coireachta | 50,000 | 50,000 | 50,000 | — |
| Seirbhísí speisialaithe d'íospartaigh a fhreastalaíonn ar chúirt | 50,000 | 50,000 | 50,000 | — |
| Seirbhísí tacaíochta d'inimircigh chun rochtain a fháil ar fhostaíocht | 166,666 | gcfb | — | — |
| **Iomlán** | **3,596,666** | **3,243,055** | **682,837** | **—** |

(Ar lean thall)

**Fíor 7A.1 An Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 agus tionscadail a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais, amhail ag deireadh 2016 (ar lean)**

| Roinn / Tionscadal | Plean Gníomhaíochta | Luach na n-iarratas ceadaithe a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais | Méideanna Eisíoctha | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014-15 | 2016[c] |
| | € | € | € | € |
| **An Roinn Sláinte** | | | | |
| Mí-úsáid substaintí/cosc[b] | 1,200,000 | 905,735 | 817,162 | (2,000)[e] |
| Tionscnaimh chomhordaithe ceantar áitiúil[b] | 600,000 | 548,201 | 318,000 | 156,706 |
| Ard-dea-chleachtas i dtaobh caighdeáin mhíchumais HIQA a chomhlíonadh [b] | 600,000 | 271,219 | 245,000 | (76,908)[e] |
| Tacaíochtaí a bhaineann le sláinte do mhíchumas agus don uathachas[b] | 400,000 | 339,012 | 351,000 | 155,358 |
| Nuálacha i seirbhísí faoisimh a sheachadadh taobh amuigh den ionad[b] | 400,000 | 302,954 | 184,000 | 88,661 |
| **Iomlán** | **3,200,000** | **2,367,121** | **1,915,162** | **321,817** |
| **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt** | | | | |
| An Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt agus an Mol Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp | **2,265,000** | **2,257,620** | **1,942,494** | — |
| **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí** | | | | |
| Seirbhísí oiliúna agus tacaíochta do chúramóirí baile[b] | **1,000,000** | **906,577** | **906,578** | — |
| **An Roinn Oideachais agus Scileanna** | | | | |
| Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chuimsiú i socruithe luathbhlianta | **500,000** | **500,000** | — | **500,000** |
| **Seirbhís Phríosúin na hÉireann** | | | | |
| Sláinte phobalbhunaithe ar gharchabhair | **189,275** | **189,275** | **189,000** | — |
| **Plean Gníomhaíochta - Iomlán a Ceadaíodh** | **26,305,941** | **12,669,362** | **8,316,875** | **2,270,322** |

Foinse: An Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 agus 2016, Leabharlann Thithe an Oireachtais agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 go 2016

Nótaí:

a Tar éis freagrachtaí rannacha a ath-leithdháileadh in 2016, aistríodh tionscadail cheadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (an Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta) agus chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Tionscadal Tairsí, Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann agus an Tionscnamh Ógfhostaíochta).

b Tionscadail/cláir arna riar ag Pobal.

c Cistiú do thionscadail/chláir faoi phlean gníomhaíochta 2014 a eisíocadh in 2016

d In 2014-2015, is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a thabhaigh an caiteachas ar an gclár seo.

e I gcás tionscadail a riarann Pobal iad thar ceann ranna forfheidhmithe, tá achar ama idir an tráth a ndéanann GBCN an eisíocaíocht leis an roinn agus an tráth a ndéanann Pobal an íocaíocht leis an tairbhí. Mura n-éilíonn an tairbhí na cistí a íocadh le Pobal, caithfidh Pobal aisíocaíocht a dhéanamh leis an roinn forfheidhmithe. I ndáiríre, coinníonn Pobal na cistí agus cuireann in aghaidh tarraingtí anuas eile iad ón roinn forfheidhmithe chéanna. Aon airgead a fhaightear ar ais ó na tairbhithe nó nár éiligh na tairbhithe ar an gcéad dul síos agus atá fágtha tar éis dheireadh na dtionscadal, cuirtear ar ais chuig an roinn forfheidhmithe é.

Eochair: gcfb Gan cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Fíor 7A.2 An Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2016 agus tionscadail a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais, ag deireadh 2016**

| Roinn / Tionscadal | Plean Gníomhaíochta | Luach na n-iarratas ceadaithe a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais | Méideanna Eisíoctha 2016 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta** [a] | | | |
| An Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta[b] | **1,750,000** | gcfb | — |
| **An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil** [a] | | | |
| An Tionscnamh Fostaíochta do Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste | 1,250,000 | gcfb | — |
| An Tionscnaimh Tairsí | 2,400,000 | gcfb | 97,170 |
| **Iomlán** | **3,650,000** | **—** | **97,170** |
| **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** | | | |
| Clár 'deartháir mór deirfiúr mór' | 750,000 | 750,000 | 750,000 |
| Clár Óige Ceantairbhunaithe (ABC) | 7,000,000 | gcfb | — |
| An Clár Scileanna don Saol, Localise | 200,000 | gcfb | — |
| Tionscnamh Infhostaitheachta Óige i gceantair faoi mhíbhuntáiste i Luimneach | 200,000 | 200,000 | 200,000 |
| **Iomlán** | **8,150,000** | **950,000** | **950,000** |
| **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** | | | |
| Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána | 1,955,000 | gcfb | 1,651,657 |
| Clár meantóireachta a bhunú | 1,100,000 | gcfb | 221,587 |
| Oiliúint idirghabhála d'oibrithe ceartais óige | 140,282 | gcfb | 60,000 |
| Oiliúint seirbhísí tacaíochta éigeandála | 50,000 | gcfb | — |
| Seirbhísí a leathnú amach i gCathair Luimnigh agus sa mheániarthar | 400,000 | gcfb | 210,000 |
| Bearta chun aghaidh a thabhairt ar íospartaigh gháinneála faoi mhíbhuntáiste | 200,000 | 119,385 | 200,000 |
| Seirbhísí líne cabhraí d'íospartaigh na coireachta | 50,000 | 50,000 | — |
| Seirbhísí speisialaithe d'íospartaigh a fhreastalaíonn ar chúirt | 50,000 | 50,000 | 30,000 |
| Seirbhísí tacaíochta d'inimircigh chun rochtain a fháil ar fhostaíocht[b] | 500,000 | gcfb | — |
| Maoiniú caipitil do GYDP i mBaile Formaid agus i Maigh Rois | 1,235,085 | 892,085 | 397,109 |
| Feasacht a fheabhsú ar fhoréigean teaghlaigh agus gnéis | 200,000 | 200,000 | 70,112 |
| Tionscnamh Idirghabhála Coimhlinte Lártíre an Lucht Siúil | 100,000 | gcfb | 100,000 |
| **Iomlán** | **5,980,367** | **1,311,470** | **2,940,465** |

(Ar lean thall)

**Fíor 7A.2 An Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2016 agus tionscadail a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais, ag deireadh 2016 (ar lean)**

| Roinn / Tionscadal | Plean Gníomhaíochta | Luach na n-iarratasóirí ceadaithe a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais | Méideanna Eisíoctha 2016 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **An Roinn Sláinte** | | | |
| Aonad Soghluaiste Scagthástála Sláinte | 1,460,000 | gcfb | 200,000 |
| Tionscadal Sláinte Idirchultúrtha do Dhídeanaithe | 450,000 | gcfb | 253,000 |
| Samhlacha Tacaíochta Pobalbhunaithe do Dhaoine a bhfuil Néaltrú orthu | 1,050,000 | gcfb | 500,718 |
| **Iomlán** | **2,960,000** | **—** | **953,718** |
| **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt** | | | |
| An Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt, an Mol Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp agus bearta Spóirt do phobail atá faoi mhíbhuntáiste d'fhonn tacú leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp | **4,500,000** | **5,223,118** | **4,492,761** |
| **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí** | | | |
| Seirbhísí oiliúna agus tacaíochta do chúramóirí baile[b] | **500,000** | gcfb | — |
| **An Roinn Oideachais agus Scileanna** | | | |
| Comhtháthú daltaí nua ach seirbhísí a chomhtháthú | 370,000 | 370,000 | — |
| An Tionscnamh um Ealaíona san Oideachas | 280,000 | 280,000 | 50,000 |
| **Iomlán** | **650,000** | **650,000** | **50,000** |
| **Seirbhís Phríosúin na hÉireann** | | | |
| Sláinte phobalbhunaithe ar gharchabhair | **388,775** | gcfb | **188,075** |
| **Plean Gníomhaíochta - Iomlán a Ceadaíodh** | **28,529,142** | **8,134,588** | **9,672,189** |

Foinse: An Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 agus 2016, Leabharlann Thithe an Oireachtais agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ciste um Chuntais Dhíomhaoine, 2014 go 2016

Nótaí:
a Tar éis freagrachtaí rannacha a ath-leithdháileadh in 2016, aistríodh tionscadail cheadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (an Tionscnamh Forbartha Fiontraíochta Sóisialta) agus chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Tionscadal Tairsí, Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann agus an Tionscnamh Ógfhostaíochta).
b Tionscadail/cláir arna riar ag Pobal.

Eochair: gcfb Gan cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Iarscríbhinn 7B

**Fíor 7B.1 Meastacháin agus táirgeacht na Ranna forfheidhmithe, 2012 go 2016**

| An Roinn | Bliain | Meastachán €000 | Táirgeacht €000 | Tearc-chaitheamh €000 | Tearc-chaitheamh % |
|---|---|---|---|---|---|
| *An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil* | 2012 | 3,231 | 1,932 | 1,299 | 40% |
| | 2013 | 5,634 | 596 | 5,038 | 89% |
| | 2014 | 4,706 | 1,942 | 2,764 | 59% |
| | 2015 | 5,976 | 2,595 | 3,381 | 57% |
| **Iomlán** | | **19,547** | **7,065** | **12,482** | **64%** |
| *An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil* [a] | **2016** | **4,500** | **803** | **3,697** | **82%** |
| *An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta* [a] | **2016** | **4,126** | **232** | **3,894** | **94%** |
| *An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige* | 2012 | 1,600 | 1,599 | 1 | 0.06% |
| | 2013 | 800 | 800 | — | — |
| | 2014 | — | — | — | — |
| | 2015 | 2,500 | 759 | 1,741 | 70% |
| | 2016 | 4,604 | 1,545 | 3,059 | 66% |
| **Iomlán** | | **9,504** | **4,703** | **4,801** | **51%** |
| *An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais* | 2012 | 250 | 50 | 200 | 80% |
| | 2013 | 250 | — | 250 | 100% |
| | 2014 | 750 | 50 | 700 | 93% |
| | 2015 | 3,311 | 733 | 2,578 | 78% |
| | 2016 | 3,311 | 2,940 | 371 | 11% |
| **Iomlán** | | **7,872** | **3,773** | **4,099** | **52%** |
| *An Roinn Sláinte* | 2012 | — | — | — | — |
| | 2013 | — | — | — | — |
| | 2014 | — | — | — | — |
| | 2015 | 2,450 | 1,915 | 535 | 22% |
| | 2016 | 2,700 | 1,275 | 1,425 | 53% |
| **Iomlán** | | **5,150** | **3,190** | **1,960** | **38%** |
| *An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt* | 2012 | — | — | — | — |
| | 2013 | — | — | — | — |
| | 2014 | — | — | — | — |
| | 2015 | 2,265 | 1,942 | 323 | 14% |
| | 2016 | 4,500 | 4,493 | 7 | 0.16% |
| **Iomlán** | | **6,765** | **6,435** | **330** | **5%** |

**Fíor 7B.1 Meastacháin agus táirgeacht na Ranna forfheidhmithe, 2012 go 2016 (ar lean)**

| An Roinn | Bliain | Meastachán €000 | Táirgeacht €000 | Tearc-chaitheamh €000 | Tearc-chaitheamh % |
|---|---|---|---|---|---|
| ***An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí*** | 2012 | 260 | 191 | 69 | 27% |
| | 2013 | — | — | — | — |
| | 2014 | — | — | — | — |
| | 2015 | 1,500 | 907 | 593 | 40% |
| | 2016 | 500 | — | 500 | 100% |
| **Iomlán** | | **2,260** | **1,098** | **1,162** | **51%** |
| ***An Roinn Oideachais agus Scileanna***[b] | 2012 | 1,600 | 379 | 1,221 | 76% |
| | 2013 | 500 | 8 | 492 | 98% |
| | 2014 | 600 | (3) | 603 | 101% |
| | 2015 | 600 | (12) | 612 | 102% |
| | 2016 | 600 | 549 | 51 | 9% |
| **Iomlán** | | **3,900** | **921** | **2,979** | **76%** |
| ***Seirbhís Phríosúin na hÉireann*** | 2012 | 750 | 58 | 692 | 92% |
| | 2013 | 750 | 83 | 667 | 89% |
| | 2014 | 250 | — | 250 | 100% |
| | 2015 | 189 | 189 | — | — |
| | 2016 | 189 | 188 | 1 | 0.5% |
| **Iomlán** | | **2,128** | **518** | **1,610** | **76%** |
| **Foriomlán** | | **65,752** | **28,738** | **37,014** | **56%** |

Foinse: Cuntais Leithghabhála, 2012 go 2016

Nótaí:

a Tar éis freagrachtaí rannacha a ath-leithdháileadh in 2016, aistríodh tionscadail cheadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

b Tá an figiúr táirgeachta glan ar aisíocaíochtaí a rinneadh leis an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine sa bhliain.